

Foirm CG50

Iarratas ar dheimhniú faoi Alt 980(8) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997



Ba chóir na nótaí míniúcháin a léamh nuair atá an fhoirm seo á comhlánú. Seolfar ar ais aon fhoirmeacha a chomhlánaítear go mícheart d'fhonn iad a cheartú.

Chuig oifig de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim¹

Déantar iarratas leis seo, ag/thar ceann an díoltóra / na ndíoltóirí ainmnithe lastall, ar dheimhniú nach gá, faoi Alt 980(9) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim agus nár chóir an asbhaint a shonraítear i Mír 4 den Alt a dhéanamh as an gcomaoin a éiríonn aníos ó dhiúscairt na sócmhainne a bhfuil cur síos uirthi thíos.

Cur síos ar an tSócmhainn³

Seoladh na Sócmhainne³ (Eircode san áireamh)

Comaoin⁴

€

Dáta na fála⁵

/ /

Luach margaidh na sócmhainne ar dháta na fála

€

na boscaí cúí

An bhfuarthas an tsócmhainn arna diúscairt mar bhronntanas?

Fuarthas Ní bhfuarthas

Ar íocadh cáin bhronntanais i ndáil leis an tsócmhainn?

Íocadh Níor íocadh

An bhfuarthas an tsócmhainn arna diúscairt mar oidhreacht?

Fuarthas Ní bhfuarthas

Ar íocadh cáin oidhreachta i ndáil leis an tsócmhainn?

Íocadh Níor íocadh

An bhfuil an ceannaitheoir / na ceannaitheoirí ceangailte leis an díoltóir / na díoltóirí chun críocha na nAchtanna Cánach?

Tá Níl

Dáta na diúscairthe ar an gconradh⁶

/ /

Díoltóir²

Ainm

Seoladh
(Eircode
san
áireamh)

Uimhir Tagartha
Cánach

Ainm

Seoladh
(Eircode
san
áireamh)

Uimhir Tagartha
Cánach

Ainm

Seoladh
(Eircode
san
áireamh)

Uimhir Tagartha
Cánach

Ainm

Seoladh
(Eircode
san
áireamh)

Uimhir Tagartha
Cánach

Ceannaitheoir⁷

Ainm

Seoladh
(Eircode
san
áireamh)

Ainm

Seoladh
(Eircode
san
áireamh)

Ainm

Seoladh
(Eircode
san
áireamh)

Ainm

Seoladh
(Eircode
san
áireamh)

Dearbhú an Díoltóra

Dearbhaím gur mise / gurb é an duine thuasluaite an duine atá ag déanamh na diúscairthe agus is mar seo a leanas atá forais an iarratais

sa bhosca cúí)

- a) Tá mé féin / muid / an duine thuasluaite cónaitheach sa Stát.⁸
- b) Níl aon suim Cánach Gnóthachan Caipitiúil iníoctha i ndáil leis an diúscairt.⁹
- c) Íocadh an Cháin Gnóthachan Caipitiúil inmhuirir don bhliain mheasúnaithe a bhfuil mé / muid / an duine thuasluaite inmhuirir i ndáil le diúscairt na sócmhainne agus leis an gcáin inmhuirir ar aon ghnóthachan a thabhaítear in aon bhliain mheasúnaithe roimhe sin ar dhiúscairt na sócmhainne roimhe sin.⁹

Síniú

Síniú

Dáta

Dáta

An cháil ina bhfuil an t-iarratas á dhéanamh¹¹

Nótaí Míniúcháin maidir leis an bhFoirm CG50 a chomhlánú

1. Nuair a chomhlánaítear an fhoirm seo, ba chóir é a thíolacadh, in éineacht le cóip iomlán den chonradh, chuig an oifig de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a dhéileálann le dliteanas cánach an duine a dhéanann an diúscairt. Sa chás go bhfuil an díoltóir/na díoltóirí neamhchónaitheach, ba chóir an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh go díreach chuig an Rannóg sna Coimisinéirí Ioncaim atá ag plé le cúrsaí cánach an díoltóra. Le haghaidh tuilleadh eolais i ndáil le díoltóirí neamhchónaitheacha, féach Tax and Duty Manual Part 42-03-01. Sa chás go bhfuil an tsócmhainn atá á díol ar thalamh ar ar tógadh teach nua, nó a bhfuil teach nua á thógáil air (féach Alt 980(4)(c) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 le haghaidh sainmhíniú ar ‘teach nua’) féadtar deimhniú sa liosta in Alt 980(8A) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a úsáid in áit deimhniú dá dtagraíonn an fhoirm seo.
2. Ba chóir ainm iomlán, seoladh agus uimhir tagartha cánach na ndaoine atá ag déanamh na diúscairthe a thabhairt. I gcás comhlachta, ba chóir seoladh na hoifige cláraithe a thabhairt. Má tá breis agus ceathrar páirteach sa diúscairt, ba chóir sonraí cuí na ndaoine breise a thabhairt ar bhileog ar leithligh ceangailte. **Ní leor** seoladh “faoi chúram”.
3. Ba chóir cur síos iomlán ar an tsócmhainn a thabhairt. Sa chás gur talamh nó foirgnimh atá sa tsócmhainn, ba chóir an suíomh a shonrú go soiléir.
4. Ba chóir an chomaoin iomlán nó luach ar dhéanamh na diúscairthe, Cain Bhreisluacha san áireamh, a shonrú, agus má tá sé éagsúil ón méid a thaispeántar ar na doiciméid in éineacht leis, ba chóir míniú a thabhairt. Féach an tagairt in Alt 547 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, is é sin go bhfanfaidh an díoltóir saor ó chúis, ach go n-aontaíonn an ceannaitheoir an teach a thógáil don díoltóir, srl.
5. Ba chóir an dáta a fuarthas an tsócmhainn a chur isteach. Má fuarthas leasanna éagsúla ar dhátaí éagsúla, ba chóir gach ceann de na dátaí cuí agus cineál an leasa a fuarthas ar gach dáta a shonrú, mar shampla íocaíochtaí eatramhacha a fuarthas mar chuid de shocraíocht árachais, fáilacha a chéimniú thar roinnt idirbheart.
6. Ba chóir dáta an chonartha le haghaidh díola, (seachas dáta an tíolactha nó an aistrithe, má tá siad éagsúil), a shonrú. Má tá an dáta dúnta ar an gconradh imithe in éag ag an tráth a dhéantar an t-iarratas seo, deimhnigh nach bhfuil an chomaoin sáraithe agus sonraigh an dáta athbhreithnithe dúnta. Mura bhfuil aon chonradh / comhaontú foirmiúil ann, ba chóir sonraí iomlána an chomhaontaithe i dtreo na diúscairthe a chur ar fáil.
7. Ba chóir ainm agus seoladh iomlán na ndaoine atá ag fáil na sócmhainne a léiriú. I gcás comhlachta, ba chóir seoladh na hoifige cláraithe a thabhairt. Má tá breis agus ceathrar páirteach san fháil, ba chóir sonraí cuí na ndaoine breise a cheangal ar bhileog ar leithligh. Sa chás go gceannaítear sócmhainn faoi iontaobhas, ba chóir ainm agus seoladh iomlán an cheannaitheora iarbhír a thabhairt, seachas an duine atá á cheannach faoi iontaobhas. I ngach cás **ní leor** seoladh “faoi chúram”.
8. Sa chás go n-eisítear deimhniú chuig duine aonair de bhun iarratas faoi (a) sa Dearbhú Díoltóra ar leathanach 2 den Fhoirm CG50, agus tá cónaitheach sa Stát, ba chóir tuairisceán ar an diúscairt a thabhairt ar 31 Deireadh Fómhair nó roimhe, sa bhliain tar éis na bliana inar éirigh an diúscairt aníos. Braitheann an dáta dlite íocaíochta don Cháin Gnóthachan Caipitiúil ar dháta an diúscairthe. I gcás diúscairtí a dhéantar idir 1 Eanáir agus 30 Samhain, tá an íocaíocht dlite ar an 15 Nollaig an bhliain chéanna. I gcás diúscairtí a dhéantar idir 1 Nollaig agus 31 Nollaig, tá an íocaíocht dlite ar an 31 Eanáir an bhliain ina dhiaidh. Ba chóir an íocaíocht a dhéanamh go díreach le Rannóg an Ard-Bhailitheora. Ba chóir íocaíochtaí a dhéanamh ar líne le Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) nó le moChúrsaí. Má tá tú díolmhaithe ó ríomhthíolacadh éigeantach, féadtar teagmháil a dhéanamh leis an bhFo-Rannóg Cuntasaíochta Íocaíochtaí i Rannóg an Ard-Bhailitheora ach glaoh ar 01 7383663. I gcás Cuideachtaí, tá feidhm ag na gnáthrialacha Cánach Corparáide, ach amháin má bhaineann an diúscairt le talamh forbraíochta.
9. Sa chás go ndéantar iarratas faoi cheachtar (b) nó (c) i nDearbhú an Díoltóra ar leathanach 2 den Fhoirm CG50, ba chóir ríomh an ghnóthachain / an chailleanais a eascraíonn ón diúscairt a chur leis an iarratas seo, in éineacht le híocaíocht an dliteanais Cánach Gnóthachan Caipitiúil. Tá sé seo tábhachtach d’iarratasóirí neamhchónaitheacha go háirithe.

10. Féadann an duine atá inmhuirir don Cháin Gnóthachan Caipitiúil, nó gníomhaire an duine sin, iarratas a dhéanamh:
- Sa chás go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh ag duine aonair, ba chóir é a bheith sínithe ag an duine aonair sin. Sa chás go bhfuil roinnt daoine aonair i gceist, ba chóir do gach duine acu an fhoirm a shíniú.
 - Sa chás go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh ag cuideachta, ba chóir é a bheith sínithe ag rúnaí na cuideachta nó ag oifigeach eile (de bhun cibé teideal atá ar an oifigeach), a chomhlíonann dualgais an rúnaí.
 - Sa chás go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh ag corparáid nó ag comhlacht eile daoine, ba chóir é a bheith sínithe ag an gcisteoir, ag iniúchóir nó ag glacadóir.
 - Sa chás go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh ag iontaobhas nó ag eastát neamhriartha, ba chóir é a bheith sínithe ag na hiontaobhaithe nó ag ionadaithe pearsanta.
 - Sa chás go bhfuil an t-iarratas á dhéanamh ag gníomhaire, ní mór ainm agus seoladh an duine atá ag déanamh na diúscairtha a thabhairt, agus sa chás go bhfuil an duine sin cónaitheach sa Stát, an uimhir tagartha cánach.
 - Sa chás go bhfuil iarratas á dhéanamh thar ceann cuideachta nó iontaobhas neamhchónaitheach, tabhair ainm agus seoladh gach duine de na scairshealbhóirí tairbheacha, nó an socraitheoir agus na tairbhithe i gcás iontaobhais.
11. Ba chóir cáil an duine atá ag déanamh an iarratais a chur in iúl – féach nóta 10 thuas.

Nótaí Ginearálta ar Alt 980 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997

Baineann an fhoráil thuas leis an méid seo:

- (i) talamh sa Stát, (folaíonn sé seo foirgnimh agus aon leas i dtalamh amhail léas);
- (ii) sócmhainní mianraí sa Stát;
- (iii) cearta taiscéalaíochta nó saothraithe i limistéar sainithe;
- (iv) scaireanna neamhluaite a n-eascaíonn a luach ó shócmhainní in (i), (ii) nó (iii);
- (v) scaireanna neamhluaite a fhaightear mar mhalairt ar scaireanna den chineál inar **cháiligh** an malartú le haghaidh faoisimh faoi Alt 584 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;
- (vi) cáilmheas gnóthais a dhéantar sa Stát, agus
- (vii) idirbhearta áirithe nach bhfuil an tsócmhainn á fáil ag an gceannaitheoir i gceist leo, mar shampla fuascailt nótaí iasachta, dáiltí ó leachtaitheoir chuig scairshealbhóir.

Faoi bhforáil, maidir le ceannaitheoir aon cheann de na sócmhainní thuas ar chomaoin níos mó ná an tsuim shonraithe in Alt 980(3) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, beidh an ceannaitheoir faoi réir dualgais áirithe, is cuma cé acu an eascaíonn nó nach n-eascaíonn an dliteanas Cánach Gnóthachan Caipitiúil i leith na diúscairtha, ach amháin má chuireann an díoltóir **deimhniú** faoi bhráid an cheannaitheora faoi mhír (8) den Alt. Mura gcuireann an díoltóir an **deimhniú sonraithe** ar fáil, is iondúil go mbíonn dualgas ar an gceannaitheoir, ar íoc na comaoine, as 15% den chomaoin a asbhaint agus é a íoc gan mhoill leis na Coimisinéirí Ioncaim. Más comaoin í den chineál nach bhféadtar asbhaint a dhéanamh uaithe, mar shampla cás ina malartaítear sócmhainn amháin ar cheann eile, tá dualgas ar an bhfaighteoir cur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim faoi shonraí na fála agus an tArd-Bhailitheoir a íoc taobh istigh de sheacht lá den fháil, ar shuim cothrom le 15% de luach margaidh na comaoine. Clúdaíonn Alt 980 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 aistrithe sócmhainní laistigh de ghrúpa.

Eisítear **deimhniú**, ar iarratas a dhéanamh, chuig díoltóir má shásaítear aon cheann de na forais (a), (b) nó (c) i nDearbhú an Díoltóra ar leathanach 2 den Fhoirm CG50. Má theipeann ar an diúscairt a sonraíodh sa deimhniú, ba chóir an deimhniú a chur ar ais chuig an gCeantar Cánach eisiúna. Níor chóir é a úsáid, i gcúinsí ar bith, in aon diúscairt den tsócmhainn dá éis sin ag conradh éagsúil.

Sa chás go ndéantar sócmhainn a dhiúscairt i dtráthchodanna chuig an duine céanna nó chuig daoine atá ag gníomhú in éineacht le daoine a bhfuil baint acu lena chéile, déantar na suimeanna iníoctha i leith gach idirbheart den chineál sin a chomhshuimiú mar aon diúscairt amháin chun críche na forála.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gnómhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar www.revenue.ie

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.